



Márta 2025

Tuairisc
an Phríomhoifigigh
Feidhmiúcháin

Plandáil Mion-Choillearnáí i bPáirc
Chluain Dolcáin

Maidir le Tuairisc an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Cuirtear Tuairisc an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas faoi bhráid na gcomhaltaí tofa ag gach cruinniú míosúil den Chomhairle. Ceanglaítear le hAlt 136(2) den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna chur isteach le hAlt 51 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin tuairisc bhainistíochta a ullmhú i ndáil le comhlíonadh feidhmeanna feidhmiúcháin, lena n-áirítear cur chun feidhme beartais nó nithe eile a éilíonn an Chomhairle i bhfeidhmiú a feidhmeanna forchoimeáda, agus i soláthar seirbhísí. Ba cheart breathnú air i dteannta na nuashonruithe éagsúla a chuirtear ar fáil do na Cruinnithe Coiste Ceantair chomh maith leis an Tuairisc Ráithiúil ar Dhul Chun Cinn Caipitil don Chomhairle iomlán mar chuid de na struchtúir tuairiscithe chun cabhrú leis na comhaltaí tofa lena gcuid freagrachtaí rialachais agus maoirseachta.

Áirítear leis an tuairisc nuashonruithe agus faisnéis thábhachtach ónar stiúthóirí agus ranna éagsúla mar aon le réimse príomhstaitisticí a forbraíodh i gcomhar leis na comhaltaí tofa. Tugtar deis leis an tuairisc aird a tharraingt ar mhóirmeachtaí nuachta agus díriú ar réimsí éagsúla dár gcuid oibre nach bhfaigheann aird atá tuillte acu i gcónaí agus áirítear léi rogha íomhánna ó imeachtaí a tharla le déanaí freisin.

Clár Ábhair



Gnéithe

14 Leamhcán - Deis Oidhreachta, Pobail agus Turasóireachta

Comhairliúchán ar siúl do Theach Leamhcáin chun cur le hinfeistíocht sa réimse poiblí agus inrochtaineacht

16 Seachtain na Gaeilge 2025 in Áth Cliath Theas

Tá féilire líonta le himeachtaí arís i mbliana le haghaidh SnaGÁCT, agus rud éigin ann a oireann do gach aoisghrúpa.


18 Mórshiúl na Féile Pádraig ar ais i dTamhlacht

Tá pobal Thamhlachta ag súil go mór le Mórshiúl na Féile Pádraig a thabhairt ar ais.

20 Béim na Comhairle - Ár bPlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil, 2025

Deis Níos Fearr do Chách. Ár bPlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil, 2025

22 Íomhánna na Míosa



Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar




Treoir um Dhearadh Sínte Tithe

In 2010, chuir an chomhairle ceann de na chéad Treoracha um Dhearadh Sínte Tithe sa tír ar fáil. Bhí sé d'aidhm ag an treoir cuidiú le húinéirí tí, le pleanálaithe, agus le hailtí leas a bhaint as an gcóras pleanála agus tuiscint a fháil ar cad is cuí dar leis an údarás áitiúil maidir le tionchar na síntí tithe atá beartaithe ar an timpeallacht mórtimpeall.

I gcomhar le Stephen Foley Architects agus Maremoto Architects, tá athbheithniú agus nuashonrú déanta againn anois ar an treoir chun freagairt d'athruithe beartais, léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar tháinig forbairt ar thiopeolaíochtaí tithe ó bhí 2010 ann, agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine maidir leis an gcaoi a n-úsáideann siad a n-áiteanna cónaithe agus ar féidir leo a oiread leasa agus is féidir a bhaint astu.

Sa treoir atá á foilsiú anois, cuirtear treochlár ar fáil d'úsáideoirí ó na céimeanna tosaigh chun treoir a fhorbairt chun a dtithe a shíneadh. Tugtar comhairle inti ar bhreithnithe do riachtanais na ndaoine a chónaíonn sa teach (inoiriúnaitheacht), tugtar faisnéis ar chead pleanála agus ar reachtaíocht chomh maith le dearadh na ngnéithe sínte agus sraith shoiléir de pharaiméadair bheartais do gach cineál sínte, ar féidir iad a úsáid mar sheicliosta do thograí tí.



Clár Soilsithe Poiblí LED

Ó cuireadh tús lenár gclár soilsithe poiblí in 2014, tá thart ar 22,000 solas poiblí uasghrádaithe againn go fearais solais LED, agus rinneadh 1,650 athsholáthar in 2024 agus tá ar a laghad 1,500 uasghrádú breise sceidealta don bhliain seo faoinár bPlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil.

Toisc go bhfuil soilsiú poiblí ar cheann de na húsáideoirí fuinnimh is mó, cuidíonn an t-athrú teicneolaíochta seo le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, ár gcostais fuinnimh a laghdú agus astaíochtaí CO2 a ísliú, rud a mbíonn ról lárnach aige chun cabhrú linn an sprioc náisiúnta a bhaint amach maidir le feabhas 50% a chur ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030 faoinár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Cead Pleanála Deonta do Nasc-Shráid Thuaidh Chluain Buiríosa

Agus cead tugtha le déanaí do thionscadal beartaithe na Nasc-Shráide Thuaidh, forbrófar bonneagar rithabhachtach agus straitéiseach eile i gCrios Forbartha Straitéisí (CFS) Chluain Buiríosa anois chun tacú le tuilleadh tithíochta agus áiseanna a fhorbairt.

Fóráiltear le faomhadh iarratas pleanála na Nasc-Shráide Thuaidh d'oibreanna bonneagair sráideanna, páirceanna poiblí/spáis oscailte agus seirbhísí chun forbairt na coda thuaidh den CFS amach anseo a éascú agus cuimsítear leis an bhforbairt a bheartaítear 2.3km den tsráid nua agus thart ar 800m taobhshráideanna a thógáil agus áireofar léi áiseanna rothaíochta, trasrianta coisithe, comharthaí tráchta, cosáin, páirceáil ar an tsráid, soilsiú poiblí agus gach bonneagar seirbhíse (lena n-áirítear bonneagar leictreachais, cumarsáide, uisce).

Áireofar leis freisin soláthar cúig acomhal nua le comharthaí agus uasghrádú ar sheacht n-acomhal eile chomh maith le spás oscailte poiblí 2.78 heicteár Pháirc na Cluainte Thuaidh, bonneagar draenála amhail limistéir maolaithe uisce dromchla, Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbeach agus limistéir a bhfuil tírdhreachú déanta orthu.

Tá an tionscadal seo mar chuid de chlár bonneagair straitéisigh CFS a fhaigheann tacaíocht maoinithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach ón gcomhairle do Chluain Buiríosa faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach de chuid an Rialtais agus faoin Údarás Náisiúnta Iompair mar aon le maoiniú ar an luach céanna ón gcomhairle agus úinéirí talún eile sa CFS. De bharr an tionscadail, déanfar


príomhthailte lastuaidh den iarnród a oscailt agus a sheirbhísiú a bhfuil an cumas ann breis agus 4,000 teach nua a chur ar fáil iontu, rud a thaispeánann a thábhachtaí agus atá an gharspíoc seo.



Siúlóid Trail Criú go dtí Club Thine Ifrinn

Tionscadal Seandálaíochta Pobail Shléibhte Bhaile Átha Cliath

Tá sé d'aidhm ag tionscnamh Seandálaíochta Pobail Shléibhte Bhaile Átha Cliath scéal seandálaíochta Shléibhte Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn trí acmhainní agus imeachtaí oideachais a ullmhú, agus idirghníomhaíocht mheasúil leis na séadchomharthaí, trí rannpháirtíocht, a chothú ag an am céanna. In 2024, forbraíodh Scéal-léarscáil dhigiteach d'acmhainn oidhreachta na sléibhte. Cuireadh pacáiste ceachta i dtoll a chéile freisin do bhunscoileanna agus reachtáladh ceardlanna le grúpaí fóillíochta. Chun inrochtaineacht a mhéadú, cuireadh ateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fáil ag cainteanna seandálaíochta poiblí agus eagraíodh siúlóid threoraithe go Club Thine Ifrinn i gcomhar le comhpháirtíocht spóirt áitiúil. Tá clár nua le haghaidh 2025 á ullmhú anois.



Treoir um Dhearadh Sínte Tithíochta




Forbairt Tithíochta, Shóisialta agus Pobail

Thug Comhairle na nÓg Cur i Láthair don Choiste um Beartais Straitéiseacha Sóisialta, Pobail, Comhionannais agus Comhtháthaithe

Thug beirt chomhaltaí de Chomhairle na nÓg Átha Cliath Theas, Saoirse agus Kenny, cur i láthair ar a gcuid oibre ag cruinniú an Choiste um Beartais Straitéiseacha Sóisialta, Pobail, Comhionannais agus Comhtháthaithe i mí Feabhra. Thug a gcur i láthair suimiúil achoimre ar cad í Comhairle na nÓg agus ar an tionchar a bhí ag comhaltaí ar bheartas náisiúnta, amhail an cárta taitil d'aoisigh óga a tugadh isteach i ndiaidh d'Fheidhmeannas Náisiúnta na Comhairle stocaireacht a dhéanamh. Thug siad cuntas freisin ar a n-ionadaíocht ar an gCoiste Seirbhísí um Leanaí agus Dhaoine Óga (CSLDÓ) agus thug siad cuntas freisin ar an gcaoi, i dteannta le cur i láthair a dhéanamh go bliantúil don Choiste um Beartais Straitéiseacha, go bhfuil cur i láthair déanta acu go rialta don Choiste Forbartha Pobail Áitiúil de chuid Átha Cliath Theas agus ag cruinnithe iomlána na Comhairle, le cinntiú go dtugann ionadaithe tofa agus cinnteoirí áitiúla in

Áth Cliath Theas éisteacht do thuairimí daoine óga. In 2024, dhírigh Comhairle na nÓg ar mheabhairshláinte agus spásanna do dhaoine óga; ábhair ar vótáil toscairí ar a son ag an gcomhdháil bhliantúil óige toisc gurbh iad na hábhair ba thábhachtaí do dhaoine óga i mBaile Átha Cliath, dar leo. Thug siad aghaidh ar na hábhair sin i rith na bliana lenar cuimsíodh póstaer a dhearadh agus cód QR air chun nasc a thabhairt le go leor rudaí atá saor in aisce nó ar chostas íseal a fhéadann daoine óga sa cheantar a dhéanamh. Dullmhaigh siad eolais freisin ar na seirbhísí meabhairshláinte go léir atá ar fáil do dhaoine óga agus tá suirbhé seolta acu chuig scoileanna chun fáil amach cé na scoileanna áitiúla ag a bhfuil spásanna sábháilte a fhéadann daoine óga dul chucu. Tá sé beartaithe leas a bhaint as torthaí an tsuirbhé chun stocaireacht a dhéanamh ar son níos mó spásanna sábháilte i scoileanna. Tugadh cuntas sa chur i láthair freisin ar an gcaoi, tar éis dóibh aontú ar a

gcuid tosaíochtaí ag an gcomhdháil óige is deireanaí a réachtáil siad i mí Dheireadh Fómhair 2024, go leanfaidh comhaltaí na Comhairle orthu ag díriú ar cheisteanna meabhairshláinte i gcaitheamh 2025.



Maoiniú faoin gClár um Iarfheistiú Fuinnimh le haghaidh 2025

Clár EERP 2025

Tá sprioc leithdháilte dúinn, is é sin 83 teach a uasghrádú in 2025 faoin gClár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh in 2025, agus maoiniú €2.82 milliún leithdháilte don chomhairle le haghaidh na hoibre sin ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Ceadáíonn an clár meánchaiteachas €34,000 in aghaidh an aonaid réadmhaoine le haghaidh oibreacha incháilithe um éifeachtúlacht fuinnimh. Tá tús curtha le tionscadal gaolmhar chun measúnú a dhéanamh ar bhail ár stoic tithíochta agus cuirfear grádú ar fáil ar fhuinneoga, doirse, seomraí folctha, cistineacha, córais téimh, etc., a chuirfidh bonn eolais níos fearr faoi chlár oibre agus riachtanais bhuiséadaithe amach anseo, agus é measta go ndéanfar suirbhé ar 2,500 teach laistigh de 12 mhí.

Cainteanna Sláinte Idirghníomhaireachta

Chuir Baile Átha Cliath Theas Folláin tús leis an mbliain nua le dhá aonach sláinte eachtracha i Leabharlanna Thamhlachta agus Chluain Dolcáin Thuaidh, agus an spiorad 'bliain nua, duine nua' a chur chun cinn. Bhí breis agus 1,500 duine i láthair agus bhain siad leas as seiceálacha sláinte agus folláine saor in aisce, chomh maith le raon gníomhaíochtaí a ceapadh chun maireachtáil níos folláine a spreagadh. Thug an saineolaí corpachmairne Karl Henry ó Operation Transformation leideanna géarchúiseacha ar fholláine, agus léirigh teagascóirí cleachtais inrochtana mar lóga Cathaoireach agus Tai Chi.

Ghlac an lucht freastail páirt i gceardlanna inar clúdaíodh príomhábhair sláinte, lenar áiríodh baol na n-ailis coitianta a laghdú, Garchabhair, Forbairt Linbh, beathú cíche agus tacú le leanaí ar a bhfuil ADHD. Thug Baile Átha Cliath Theas Gníomhach blaiseadh de chluichí ionchuimsitheacha amhail Boccia, agus dóstáil Clár um Chomhphobail Shláintiúla Sláintecare caint ar úsáid fuinnimh sa bhaile agus a tionchar ar an tsláinte. Críochnaíodh na haontaí le caint ar an meabhairshláinte ón iardhomálaí Oilimpeach Kenneth Egan, agus fágadh an lucht freastail spreagtha agus léargais luachmhara acu leis an mbliain a thosú.



Deontas um Athchóiriú ar Réadmhaoin Fholamh

Tá an Deontas um Athchóiriú ar Réadmhaoin Fholamh ar fáil le hathchóiriú a dhéanamh ar aonaid réadmhaoine fholmha le gur féidir iad a úsáid arís. Cuirtear suas le €50,000 ar fáil le haghaidh oibreacha athchóirithe ar aonaid réadmhaoine atá folamh ar feadh dhá bhliain ar a laghad tráth an iarratais agus cuirtear deontas breise de suas le €20,000 ar fáil d'aonaid réadmhaoine a mheastar go bhfuil siad dearóil nó contúirteach ó thaobh struchtúir de. Tá breis agus 160 iarratas faighte againn chun aonaid réadmhaoine fholmha/dhearóile a chur in úsáid arís agus 41 deontas íochta go dtí seo; tá feachtas eolais spriocdhírthe á ullmhú againn chun tuilleadh béime a chur ar na tacaí a theastaíonn uainn chun gach aonaid réadmhaoine folamh a chur in úsáid arís.



Caint Sláinte Idirghníomhaireachta i Leabharlann Thamhlachta



Forbairt Eacnamaíochta, Fiontair agus Turasóireachta

Uasghrádú ar Staid Thamhlachta Críochnaithe Roimh Chluichí Móra

Tá áthas orainn a fhógairt go ndearnadh uasghrádú le déanaí ar na seomraí feistis i Staid Thamhlachta, agus go bhfuil nuachóiriú iomlán déanta ar an dá phríomhsheomra feistis foirne chomh maith leis na háiseanna le haghaidh cóitseálaíthe agus réiteoirí le go gcomhlíonfaí caighdeán Chatagóir 4 UEFA.

Thug ár gcomhpháirtithe Coneally Group faoin tionscadal idir mí na Nollag agus mí Feabhra, agus críochnaíodh an obair in am le haghaidh cluichí móra a bhí ar siúl le déanaí sa staid. Ba iad na chéad chluichí inar baineadh leas as an uasghrádú sin an cluiche díbeartha stairiúil idir Shamrock Rovers agus Molde as an Iorua don UEFA Conference League agus cluiche Nations League idir Foireann Náisiúnta FAI na mBan agus an Tuirc; cuirtear áiseanna barrmhaithe ar fáil freisin do thús shéasúr Shraith na hÉireann 2025. Ní hamháin go bhfeabhsaítear compord

na n-imreoirí agus na mball foirne leis an infheistíocht a rinneadh chun na háiteanna feistis sa staid a chur i gcomhréir leis an gcaighdeán idirnáisiúnta, ach tacaítear freisin le forbairt áitiúil agus feicfead é sin níos mó an mhí seo nuair a imreofar an cluiche mór le rá, Cluiche Ceannais Scoileanna Laighean don Chorn Sinsearach, i mBealach Bhaile an Fhaoitigh ar Lá Fhéile Pádraig.

Tá an t-imeacht sin, nuair a bheidh rugbaí á imirt ag an staid den chéad uair ó bhí 2014 ann, ar cheann de na cluichí is mó a bhfuil súil leis i bhféilire rugbaí Laighean, agus taispeánfar scoth na n-imreoirí rugbaí óga sa chúige ann.

Mar áis chathrach, is é atá i gceist le Staid Thamhlachta go bunúsach ná tacú le himeachtaí spóirt éagsúla agus ábhair ómóis dúinn é an suíomh a chur ar fáil d'ócáid chomh tábhachtach sin. Coir chinniúnacha iad filleadh an rugbaí sin ar an staid agus an tábhacht a bhaineann

le cluiche dá leithéid a bheith á imirt i dTamhlacht agus muid ag coinneáil orainn ag méadú ról Staid Thamhlachta i dtírdhreach spóirt Bhaile Átha Cliath.



Brú Chrónáin le hoscailt arís an mhí seo

Brú Chrónáin le hAthoscailt

Tá oibreoir nua roghnaithe d'Ionad Cuairteoirí Chloigtheach Bhrú Chrónáin sula n-osclofar arís é ar dheireadh seachtaine na Féile Pádraig. Tar éis plé fairsing le comhpháirtithe féideartha, tá áthas orainn a fhógairt go gcuirfidh HFM Care Ltd. bainistíocht caifé, miondiola agus áiseanna ar fáil san ionad.

Tá an spás caifé agus imeachtaí Whereelse á oibriú ag an ngnólacht áitiúil sin i mBaile Phámar faoi láthair agus táimid spreagtha ag an bhfís atá acu chun spleodar nua a chur i bhfeidhm agus cur chuige nuálach a ghlacadh i dtreo poist a choinneáil agus tacú le pobal áitiúil Chluain Dolcáin, agus áis á rith atá mar chuid lárnach dár dtairiscint phobail, oidhreachta agus turasóireachta

Unveiled: Intleacht Shaorga i bhfeidhm ar an Miotaseolaíocht

Chun cur leis an saothar Intleachta Saorga nuálach téacs-go-físeán a taispeánadh le linn ócáid Tallaween anuraidh, cuirtear dearcadh úr agus spreagúil i bhfeidhm ar mhiotaseolaíocht na hÉireann le 'Unveiled' le haghaidh Sheachtain na Gaeilge. Fiosraítear sa tsraith imeachtaí an chaoi ar féidir leis an Intleacht Shaorga (IS) beocht a chur i mbéaloideas saibhir na hÉireann le haghaidh na nglúnta atá le teacht agus é a dhéanamh inrochtana ar bhealaí úr nua. Buaicphointe den chlár é première domhanda eisíach de pháosa scannánaíochta atá stiúrtha ag IS agus lena ndéantar athshamlú ar charachtair mhiotaseolaíoch na hÉireann chun eispéireas físe tumthach a thairiscint. Ina theannta sin, stiúfadh an scríbhneoir agus an teicneolaí Niall Austin caint speisialta, "From Cúchulainn to The Children of Lir", ina bpléifear an chaoi ar féidir le IS cabhrú le finscéalta na hÉireann a chaomhnú, athléiriú a dhéanamh orthu agus iad a athbheochan le haghaidh lucht éisteachta agus féachana nua. Beidh imeachtaí ar siúl ar fud Leabharlanna Átha Cliath Theas, ina measc Tamhlacht (11 Márta 18:30, 12 Márta 16:00), Leamhcán (10 Márta 18:30), Baile Uí Ruáin (13 Márta 16:00), agus Cluain Dolcáin Thuaidh (12 Márta 18:30) agus i Stiúideo Amharclann an Phobail (16 Márta 19:00), a thabharfaidh deis don lucht freastail páirt a ghlacadh sa mheascán nuálach sin den teicneolaíocht, den scéalaíocht agus den traidisiún.



Gradaim Fiontair Áitiúil 2025

Cheiliúir Oifig Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas sár-éachtaí gnólachtaí áitiúla ag Gradaim Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas 2025. Aithníodh naoi mbuaiteoir catagóire leis na gradaim: bronnadh an gradam 'One to Watch' ar 'The MenoPal Limited - Victoria Finlay'; bronnadh gradam an Gheilleagair Chruthaithe ar Mechatrons Technologies Ltd - Peter Redmond; bronnadh gradam NEWS - Fiontraí Mná na Bliana ar 'GORM Media DAC - Mamobo Ogoro'; bronnadh an gradam Teicneolaíochta / Nuálaíochta: Decision Analytics ar 'Eoin Carroll'; ghnóthaigh 'Olly's Farm - Olly Nolan' an Gradam Glas; bronnadh an gradam as Spiorad Fiontraíochta ar 'Beauty Business In a Box- Sarah Naylor'; bronnadh an gradam Dí & Bia ar 'Happy Hour Foods - Angelica Oliveira'; ar 'The Career Coach - Dan Potts', a bronnadh an gradam Easpórtála; agus bronnadh an gradam do Ghnólacht Nuathionscanta ar 'Flaunta - Angelina Sheridan and Hope Hayes'. Ba é Aisling Tuck of Naked Bakes an buaiteoir foriomlán ar an oíche, a bhuaigh duais €5,000; déanfaidh an buaiteoir foriomlán ionadaíocht ar Áth Cliath Theas sna Gradaim Náisiúnta OFA, a bheidh ar siúl i mí na Bealtaine.

From 'Cúchulainn' to 'The Children of Lir', a talk by writer and technologist, **Niall Austin**, on how **Artificial Intelligence** can bring Ireland's rich mythology to life for emerging generations.

NOCHTAITHE
O 'Cúchulainn' go 'Clann Lir', caint leis an scríbhneoir agus teicneolaí, **Niall Austin**, ar an mbealach ar féidir leis an Intleacht Shaorga miotaseolaíocht sháibhir na hÉireann a thabhairt beo do ghlúnta atá ag teacht chun cinn.

Unveiled: Intleacht Shaorga i bhfeidhm ar an Miotaseolaíocht



Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athraithe

Oiliúint Ghaeilge d'Fhoireann na Comhairle

Mar chuid dár gclár cuimsitheach le haghaidh Sheachtain na Gaeilge in 2025, tairgeadh sraith oiliúna Gaeilge do bhaill foirne na comhairle agus ghlac 63 díobh páirt i gceithre sheisiún ar leithligh. Tugadh cuireadh do bhaill foirne lárnacha páirt a ghlacadh i gceardlann ar "Giving Speeches in Irish", a sholáthair Gaelchultúr. Is é aidhm na hoiliúna sin baill foirne lárnacha a spreagadh agus iad a ullmhú le Gaeilge a chuimsiú ina gcuid óráidí agus iad ina n-ionadaithe ar an gcomhairle ag imeachtaí ar fud an Chontae.

D'óstáil ár nOifigeach Gaeilge Muireann Ní Cheannabháin dhá sheisiún "Fáilte! Introduction to Irish", a bhí dírithe go háirithe orthu siúd nár fhreastail ar scoil in Éirinn nó nach raibh mórán cur amach acu ar an nGaeilge. Sa seisiún neamhfhoirmiúil sin tugadh blaiseadh de theanga agus de chultúr na Gaeilge, agus pléadh ábhair ar nós beannú do dhaoine, conas ainmneacha Gaeilge a rá, agus acmhainní úsáideacha chun an Ghaeilge a fhoghlaim i suíomh seomra ranga neamhfhoirmiúil.

Ceapadh na seisiúin sin chun úsáid na Gaeilge a spreagadh, agus baill foirne as gach cúlra agus leibhéal a dhéanamh níos compordaí ó thaobh an teanga a chuimsiú sna ról.



Dearbhuithe Bliantúla Eitice Foilsithe

Tá dearbhuithe bliantúla eitice, mar atá sainordaithe ag an Acht um Chaighdeán in Oifig Phoiblí, 2001, rithábachtach chun trédhearcacht agus cuntasacht a choinneáil sa tseirbhís poiblí in Éirinn.

Ceanglaítear leis an reachtaíocht sin ar ár gcuid comhaltaí tofa agus ar bhaill foirne fhorordaithe áirithe a gcuid leasanna airgeadais a nochtadh, d'fhonn a chinntiú go n-aithnítear agus go mbainistítear go cuí aon choinbhleachtaí leasa féideartha.

Tríd na nochtuithe sin a shainordú, is é aidhm an Achta cloí le hionracas na hoifige poiblí agus muintín an phobail as institiúidí rialtais áitiúil a chothú. Ba é an 28 Feabhra 2025 an dáta deiridh le haghaidh 2024 agus tá na dearbhuithe a rinne na comhairleoirí ar fáil ar www.sdcc.ie.

Trí Ghradam le haghaidh Átha Cliath Theas ag Gradaim LAMA 2025

B'ábhar ómóis dúinn a bheith ar cheann de na buaiteoirí móra ag Gradaim Pobail & Comhairle 2025 de chuid Chomhlachas Chomhaltaí an Údaráis Áitiúil, agus trí ghradam den scoth bainte againn agus muid ar an ngearriosta freisin do Chomhairle na Bliana, rud a léiríonn ár dtiomantas don fhorbairt inbhuanaithe, d'fholláine an phobail, agus don nuálaíocht chomhshaoil.

Bhaineamar amach an **Gradam Tionchair Náisiúnta** le haghaidh **Chluain Buiríosa: Fis Chlaochlaitheach agus Samhail d'Fhorbairt Uirbeach Inbhuanaithe**, lenar aithníodh ár gcur chuige uailmhianach i leith pleanáil uirbeach inbhuanaithe, agus béim ar phobal bríomhar, éiceabhách a chruthú le haghaidh na nglúnta atá le teacht. Ina theannta sin, bhaineamar amach an **Gradam um Dhicharbónú Fuinnimh na nÚdarás Áitiúil** le haghaidh **Scéim Téimh Ceantair Heatworks**, tionscadal nuálach a dearadh chun úsáid fuinnimh a laghdú agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn sa réigiún.

Ainmníodh saorálai pobail Átha Cliath Theas Bernie Roche mar Shaorálai Pobail na Bliana freisin mar gheall ar a cuid iarrachtaí seasta beatha na ndaoine timpeall uirthi ina ceantar áitiúil a fheabhsú. Cuireadh ar an ngearriosta freisin muid le haghaidh:

- **An Mol Fiontair & nuathionscanta is fearr** Work IQ & Ceathrú Nuálaíochta Thamhlachta
- **An Tionscadal Fuinnimh Chliste is Fearr** Ciste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide
- **Folláine an Phobail is Fearr** Clár um Chomhphobail Shláintiúla Sláintecare
- **An Tionscadal CSR Is Fearr sa Phobal** Think Big Space/AWS in the Community
- **An Tionscadal Comhshaoil/Éiceolaíoch is Fearr** Coilleamacha Beaga & Foraíosa na gCloch Cora
- **An Chumarsáid is Fearr** International Protection – Fact and Fiction

Téann stádas Ghradaim LAMA, atá ar siúl le

19 mbliana anois, i méid i gcónaí, agus 311 ainmniúchán faighte ó chomhairlí áitiúla ar fud na hÉireann i mbliana. Chun níos mó eolais a fháil faoinár gcuid tionscadal a bhfuil duaiseanna buaite acu, téigh chuig www.sdcc.ie



Clár um Chomhphobail Shláintiúla Sláintecare: Éirí as Caitheamh Tobac

Scéim chun Éirí as Caitheamh Tobac

Tar éis clár rathúil roimhe seo chun éirí as caitheamh tobac, d'éascaíomar an cúigiú cúrsa (arbh é an ceann is mó go dtí seo é) ar éirí as caitheamh tobac le haghaidh ball foirne agus tús curtha leis i mí Feabhra. Ritear an tionscnamh sin trí Chlár um Chomhphobail Shláintiúla Sláintecare, agus reáchtáilann beirt Chomhairleoirí ar Éirí as Caitheamh Tobac é. Cuimsítear leis tacaíocht sheachtainiúil i ngrúpa chun éirí as caitheamh tobac in imeacht sé seachtaine. Seirbhís chairdiúil saor in aisce atá i seirbhís an FSS chun éirí as caitheamh tobac agus í ar fáil d'aon duine ar mian leo éirí as tobac a chaitheamh nó vápáil; táirgtear cógas saor in aisce chun éirí as caitheamh tobac agus tacaíocht sheachtainiúil chun éirí agus clúdaítear bia folláin, bainistíocht strus agus tacaíocht féinchúraim eile chomh maith.



Oiliúint Ghaeilge Foirne arna soláthar ag Gaelchultúr



An Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide

Seachtain Náisiúnta na gCrann

Beidh Seachtain Náisiúnta na gCrann ar siúl ón 9–16 Márta 2025, agus an téama i mbliana ná ‘Crainn a Chur, Fás le Chéile’.

Seo an ceiliúradh bliantúil is mó ar chrainn in Éirinn lena spreagtar daoine agus pobail chun teacht le chéile agus aird a thabhairt ar áilleacht agus ar thábhacht na gcrann in Éirinn. Tá an-áthas ar an gcomhairle a bheith páirteach ann, agus roinnt imeachtaí beartaithe chomh maith le feachtas ar na meáin shóisialta chun aird a tharraingt ar ról na gcrann inár gcontae.

Rithfear imeacht chun coillearnacha beaga a chur ar an 15 agus an 16 Márta agus reáchtálfar searmanas chun dhá chrann darach a chur i bPáirc Chorcaí agus i bPáirc Sheáin Bhreathnaigh. Ina theannta sin, beidh siúlóidí crann ar siúl i bPáirc Chaisteán Ráth Fearnáin agus i bPáirc Bhaile Uaitéir, a dtabharfar cuireadh don phobal freastal orthu.

An bhfuil suim agat a bheith páirteach ann? Bí ag faire amach ar ár gcuid ardán ar na meáin shóisialta le haghaidh scéalta nua agus sceideal i gcaitheamh na seachtainí atá romhainn.



Uasghrádú ar Pháirc na gCrann Glas

Tar éis infheistíocht €250,000 ón gcomhairle, athosclaíodh Páirc na gCrann Glas i mBaile Pheire le déanaí tar éis uasghráduithe fairsinge. Sa pháirc, a chlúdaíonn 13 acra thar dhá spás ghlasa ar a dtugtar “na Cúig Acra” agus “na hOcht nAcra”, tá lúb nua aclaíochta cosáin anois, 100 crann aibí, binsí páirce nua, agus cuireadh go leor bleibíní le haghaidh dath séasúrach.

Tá bealaí isteach do choisithe feabhsaithe chun rochtain agus nascacht a dhéanamh níos fearr, agus comhlánaítear na faichí imeartha agus an spás súgartha atá ann taobh le hIonad Pobail Bhaile Pheire chun an pháirc a dhéanamh níos fáiltí agus ionchuimsithí do gach duine.

Cleachtas Pleanála Éigeandála Reáchtáilte i Staid Thamhlachta

Ar an 6 Feabhra agus Staid Thamhlachta lonrach ar maidin úr, gheall, d’fhreastail ionadaithe agus baill foirne ó phríomhghníomhaireachtaí ar chleachtas boird sceidealaithe ar phleanáil éigeandála chun cásanna éigeandála féideartha ar lá cluiche agus na freagairtí orthu a fhiosrú. Chuir Michael Young ó Vision Safety tástáil ar pháirtithe leasmhara as Comhairle Contae Átha Cliath Theas, an Garda Síochána, Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, Cosaint Shibhialta Bhaile Átha Cliath agus Club Peile Shamrock Rovers, chomh maith le go leor ball foirne de chuid conraitheoirí slándála chun na cumais freagartha éigeandála um bainistíocht eachtraí ag an áis a athnuachan agus a fheabhsú.

Toisc go bhfuil spás breise le haghaidh 10,000 lucht féachana ag cluiche curtha ar fáil leis na huasghráduithe le deireanaí, agus an fhéidearthacht ann an líon sin a dhúbailt le haghaidh


ceolchoirme, ba thráthúil agus ba riachtanach an cleachtas do gach duine a bhí rannpháirteach.

I gcaitheamh na maidine, reáchtáladh plé bríomhar idirghníomhaireachta agus iniúchadh ar raon de réitigh fhéideartha ar na cásanna éigeandála éagsúla a cuireadh i láthair. Agus sábháilteacht an phobail chun tosaigh i gcónaí le gach gníomh a mholtar, bhí na cuir chuige agus na léargais dhifriúla a bhí ag na gníomhaireachtaí éagsúla i leith gach cáis thar a bheith spésiúil.

Trí na léargais sin a chuimsiú san fhoghlaim, cruthófar plean éigeandála níos láidre le haghaidh Staid Thamhlachta don todhchaí agus cabhrófar le sábháilteacht gach leantóra a chinntiú san iomaí lá cluiche atá le teacht.

Tá sé beartaithe go rithfear na cleachtais sin go bliantúil, agus go mbeidh an

chéad chleachtas eile “beo” seachas ina chleachtas boird le tuilleadh tástála a dhéanamh ar na cumais theicniúla agus na pleananna freagartha teagmhais atá ag gach gníomhaireacht atá rannpháirteach.



Seachtain Náisiúnta na gCrann 9–16 Márta

Baineann an Chomhairle Amach Creidiúnú an Mharc Taistil Chliste

Tá creidiúnú airgid bainte amach ag an gcomhairle faoi Mharc Taistil Chliste an NTA, lena gceiliúrtar sprioc thábhachtach ó thaobh taisteal inbhuanaithe agus gníomhach a chur chun cinn i measc na mball foirne. Tá tionscnaimh foime éagsúla curtha i bhfeidhm againn chun roghanna taistil chliste a chur chun cinn, tacú leo agus a phiocadh agus beidh pleananna na todhchaí bunaithe ar shuirbhé foime a rinneadh le déanaí ar thaisteal cliste nuair a fuarthas

- tá cónaí ar 61% laistigh d’fhad 10km nó níos lú ar féidir é a thaisteal ar rothar
- ba mhaith le 45% rotháilocht a dhéanamh níos minice
- úsáideann 38% móid ghníomhacha agus inbhuanaithe chun taisteal chun na hoibre
- tá cónaí ar 5% laistigh d’fhad ar féidir é a shiúl
- tá cónaí ar 61% laistigh d’fhad ar féidir é a thaisteal ar rothar
- tá cónaí ar 45% laistigh de 6 nóiméad de shiúl na gcós de
- Bealach bus dhírih.



An Chomhairleoir Mick Duff ag glacadh leis an Marc Taistil Chliste le baill foirne

Leamhcán

Deis Oidhreachta, Pobail agus Turasóireachta



Comhairliúchán ar siúl do Theach Leamhcáin chun cur le hinfheistíocht sa réimse poiblí agus inrochtaineacht

Tar éis go bhfuair an chomhairle Teach Leamhcáin le déanaí, agus tar éis ár n-infheistíochta in áiseanna, sa réimse poiblí agus i seirbhísí sa cheantar, tá deis uathúil againn anois ar gcuid mianta do Leamhcán a ailíniú le mianta an phobail áitiúil, chomh maith le háit ar imeall chathair Bhaile Átha Cliath a mhúnlú chun bheith ina baile cinn scríbe tábhachtach sa chontae. Mar gheall ar luach oidhreachta

na réadmhaoine, i dteannta leis na déanmhais chosanta, agus saothar ealaíne álainn na mbuabhall lodálach i dtailte an tí, ar a dtugtar Parco Italia anois, chomh maith leis an suíomh ar an Life, tá acmhainn mhór ann d'úsáid don phobal agus don turasóireacht. Fostaíodh ar gcuid comhpháirtithe Stephen Foley Architects le haghaidh próisis chun máistirphlean a dhéanamh lena gcuimseofar comhairliúchán

Glasbhealach Uirbeach na Canálach Móire-Leamhcáin

Leis an nGlasbhealach Uirbeach idir an Chanáil Mhór agus Leamhcán a bhfuiltear le tús a chur lena thógáil sna seachtainí amach romhainn, cuirfear nasc tábhachtach ar fáil do choisithe agus rothaithe chomh fada le Páirc Ghleann an Ghrífin, scoileanna éagsúla, páirceanna agus áiseanna áitiúla eile agus ar aghaidh isteach i gcoilár Shráidbhaile Leamhcáin. In éineacht leis an obair sin, déanfar crainn nua a chur, agus beidh breis suíochán agus soilsithe ann. Ritheann an chéad chéim den tionscadal ón gCanáil Mhór ag Caisleán na Gráinsí go Bóthar an Fhearainn Nua-Leamhcáin ag Reilig na hEascrach, ag dul trasna Pháirc Uí Ghrífin, agus beidh thart ar sheacht mí i gceist lena críochnú, maille le dhá chéim eile a chuirfear i gcrích ina dhiaidh sin. Cruthófar naisc thábhachtacha ar fud ár gcontae leis an tionscadal spreagúil seo, cuirfear scoth na n-áiseanna poiblí ar fáil agus tacófar le tuilleadh roghanna taistil ghníomhaigh agus cinn atá níos fearr.

le páirtithe leasmhara, forbairt coincheapa, dearadh uirbeach, agus próisis pleanála úsáide talún a threoróidh ár gcuid pleananna don

todhchaí le haghaidh Theach agus Dhiméin Leamhcáin.


Beidh oibreacha caomhantais agus uasghrádaithe ar an teach agus na tailte mar an chéad chuid de shraith d'oibreacha céimnithe ar an aonad réadmhaoine agus, díreach tar éis gur aontaíodh an réadmhaoin a fháil, thugamar faoin gcuid den bhalla teorann ar Bhóthar Léim an Bhradáin atá tite le fada an lá a chur i gceart. Cé go raibh an obair sin níos fairsinge ná mar a samhlaíodh ar dtús, críochnaíodh le déanaí í agus cuimsítear anois bruach coinneála inar úsáideadh ábhair agus modhanna atá ag teacht leis an struchtúr bunaidh mar gheall ar a stádas cosanta.

Feabhsaíonn an obair sin réimse aeistéitiúil agus poiblí Leamhcáin, go háirithe i dteannta na bhfeabhsúcháin beartaithe ar fhaiche an tsráidbhaile, ar an bpromanáid agus ar bhealach isteach na diméine, a bhfuil siad go léir á ndéanamh faoi chonradh foirgníochta amháin atá sceidealaithe le bheith críochnaithe faoi mhí Mheán Fómhair 2025. Chomh maith le raon d'oibreacha plandaithe agus timpeallachta a chur ar fáil, tá lárphointe nua á chruthú le haghaidh imeachtaí agus gníomhaíochtaí

áitiúla, lena ngabhann inrochtaineacht agus tréscailteacht níos fearr agus é nasctha leis an nglasbhealach uirbeach a bheidh ag dul ón 12ú Loc ar an gCanáil Mhór trí Pháirc an Ghrífin agus isteach i Sráidbhaile Leamhcáin.

Feabhsóidh na hoibreacha ar an bpromanáid an t-eispéireas ar na radhairc agus suíomh na cora agus an droichid álainn, agus tá tairseach nua á cur ar fáil freisin chuig na conairí siúil iontacha chomh maith le rochtain abhann ar Dhiméin Leamhcáin agus muid ag ullmhú le turais phoiblí a thairiscint ar na tailte i gcomhpháirt le Society of Old Lucan sna seachtainí atá romhainn.

Is é an aidhm atá i gceist leis sin go léir ná acmhainn taitneamhachta Leamhcáin a fheabhsú, trichaomhantais agus athghiniúint, agus pleanáil d'úsáid inbhuanaithe sa todhchaí, agus an diméin a nascadh níos fearr leis an sráidbhaile. Tá ionchur á lorg amháin sa mháistirphlean ó gach duine ar spéis leis é, mar sin téigh i dteagmháil linn trínár dtairseach ar líne nó trí fhreastal ar cheann de na seisiúin chomhairliúcháin i bpearsa atá ar na bacáin. (féach www.sdcc.ie le haghaidh tuilleadh sonraí.)



Comhairliúchán maidir le Teach agus Diméin Leamhcáin ar Bun

Seachtain na Gaeilge Átha Cliath Theas 2025



Seoladh féile Sheachtain na Gaeilge Átha Cliath Theas (SnaGÁCT) na bliana seo go hoifigiúil ar an 24 Feabhra i Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh. Ba í an Comhairleoir Liana O'Toole (Cathaoirleach Choiste Ceantair Leamhcáin, Bhaile Phámar agus Chluain Dolcáin Thuaidh) in éineacht le pátrún fhéile na bliana seo, an t-iarchuradh dornálaíochta domhanda Bernard Dunne agus ambasadóir Gaeilge365 Ciarán Ó Feinneadhá ó Na Gaeil Óga, a d'fhógair an clár gníomhaíochtaí agus imeachtaí, a reáchtálfar idir an 1 agus an 17 Márta, in

éineacht le daltaí ó Scoil Náisiúnta Shinsearach Naomh Peadar Aspal a bhí i láthair ar an lá.

Tá féilire imeachtaí ann arís i mbliana do SnaGÁCT atá lán go béal agus rud éigin ann a oirfidh do gach aois, ina measc, gig iontach le Kíla Dé Sathairn, 8 Márta, Céilí Mór ar an 16 Márta, an dúrud ceardlanna ealaíne agus ceoil agus ar ndóigh, na maidineacha cáifé as Gaeilge a mbíonn an-tóir orthu ar fud an chontae mar aon le ranganna Gaeilge do thosaitheoirí agus do chainteoirí líofa ag roinnt mhaith dár leabharlanna agus

Seachtain na Gaeilge sa Chomhairle

Mar chuid de Sheachtain na Gaeilge, tá oiliúint Ghaeilge curtha ar fáil ag an gComhairle do chomhaltaí tofa, agus chláraigh 11 duine den 40 Comhairleoir (27.5%) le páirt a ghlacadh inti. Is é is aidhm don chúrsa cúig seachtaine seo cumas na gcomhaltaí a fheabhsú agus a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid ina ról mar ionadaí tofa sa chontae.

freisin in Áras Chrónáin, i gcroílár Shráidbhaile Chluain Dolcáin.

Táimid an-bhródúil as tacú le Seachtain na Gaeilge agus an feachtas 'Gaeilge le Chéile' a chur chun cinn trí níos mó deiseanna a chruthú agus daoine a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid agus a labhairt gach lá.

Gaeilge365

Anuas ar Sheachtain na Gaeilge, táimid bródúil a bheith páirteach sa tionscnamh Gaeilge365 le húdarás áitiúla Bhaile Átha Cliath. Is clár nuálach Gaeilge é seo atá meáite ar an nGaeilge a chur i gcroílár sheirbhísí na n-údarás áitiúil, ar mhaithe le borradh a chur faoi líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Leis an tionscnamh seo, ar cuid de chlár nua an rialtais é,

aithnítear gur acmhainn ollmhór í an Ghaeilge, atá lán le féidearthachtaí chun pobail a shuibhriú ar bhealach cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch. Féachann Gaeilge365 le forbairt a dhéanamh air sin ach údarás áitiúla a chur i gcroílár plean a aithníonn, cé go bhfuil borradh faoi líon na gcainteoirí Gaeilge, go bhfuil laghdú ar na deiseanna chun í a úsáid.

Agus os cionn míle seirbhís á cur ar fáil ar bhonn laethúil ó na healaíona agus leabharlanna go forbairt eacnamaíoch agus tithíocht, seans gurb iad na húdarás áitiúla an lúb ar lár chun an bhearna sin a dhúnadh. Ach nuálaíocht teanga a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí den chineál sin, is féidir leis an nGaeilge a bheith ina huirilis, ní hamháin chun seirbhísí poiblí a chur chun feabhais, ach freisin chun naisc bhríomhara a chruthú i measc pobal. I measc na dtionscnamh a tugadh isteach mar chuid de Gaeilge365, tá "An Chomhairle Chraiceáilte", ar clár oiliúna é do bhaill foirne. Tá seisear ball foirne de chuid CCÁCT páirteach sa chlár meantóireachta seo faoi láthair, ina n-aithníonn gach páirtí deis chun tacú le labhairt na Gaeilge agus borradh a chur fúithi ar fud sheirbhísí na comhairle. Chuaigh na baill foirne dár gcuid a bhí páirteach sa Chomhairle Chraiceáilte i mbun turas bailithe eolais le déanaí go

Béal Feirste chun cuairt a thabhairt ar roinnt eagraíochtaí Gaeilge ina raibh fócas ar fhreastal ar riachtanais phobail trí mheán na Gaeilge, seachas ar an teanga a chur chun cinn agus sin amháin.

Thug na rannpháirtithe cuairt ar 15 cinn d'eagraíochtaí agus tionscnaimh san iomlán agus labhair siad leo, ina measc cinn a oibríonn san oideachas, san obair óige, sa turasóireacht, sa spórt, san fháilteachas agus sna healaíona. Chuimsigh an turas bailithe eolais limistéar mór tíreolaíoch, lena n-áirítear Turas in Oirthear Bhéal Feirste, ar eagraíocht oiliúna Gaeilge é sin a bhunaigh Linda Ervine, a raibh baint mhór aici le bunú agus oscailt na chéad bhunscoile Gaeilge riamh in Oirthear Bhéal Feirste.

Agus é faoi anáil na dtionscnamh agus na n-eagraíochtaí éagsúla ar tugadh cuairt orthu, bhí an chéad taispeántas de chuid Gaeilge365 ar siúl i Halla na Cathrach, Baile Átha Cliath ar an 4 Márta ag "Féile na bhFéidearthachtaí", agus an lá dár gcionn tháinig na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath le chéile chun ceardlann a reáchtáil le Fíonn Gruffudd ó Chomhairle Caerdydd a roinn an príomhfhoghlaim agus na príomhphróisis chun oibriú i dtreo ár spriocanna earcaíochta Gaeilge a bhaint amach.



Foireann CCBÁC ar thuras bailithe eolais Gaeilge365 go Béal Feirste

Mórshiúl na Féile Pádraig ar ais i dTamhlacht



Tá pobal bríomhar Thamhlachta réidh le Mórshiúl na Féile Pádraig a cheiliúradh arís i mbliana. Arna heagrú ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas, beidh réimse éagsúla de ghrúpaí áitiúla pobail agus spóirt páirteach sa mhórshiúl. Beidh áthas, dath agus cultúr ar shráideanna Thamhlachta ar an 17 Márta agus an ócáid ar siúl.

Dúirt Méara Átha Cliath Theas, an Comhairleoir Baby Pereppadan,

“Tá an-áthas orainn Mórshiúl na Féile Pádraig a thabhairt ar ais go Tamhlacht.

Is léir go raibh éileamh mór ar an ócáid ón bpobal. Tá an-áthas orainn a fheiceáil go bhfuil gach uile dhuine ag teacht le chéile go háitiúil chun ár lá náisiúnta a cheiliúradh.”

Is iontach an díograis atá le feiceáil i measc cónaitheoirí agus

Réalta CLG Bhaile Átha Cliath Cian Murphy le bheith ina Cheann Feadhna

Chuir an t-imreoir sinsearach ar as Tamhlacht dó ó dhúchas agus a imríonn le CLG Tomás Dáibhís a lúcháir in iúl, ag rá, “Is mór an onóir dom é gur iarradh orm dul i ról Cheann Feadhna an Mhórshiúil le haghaidh Mhórshiúl na Féile Pádraig i dTamhlacht. D’fhás mé suas ag breathnú ar an Mórshiúl agus is iontach na cuimhní atá agam ar an lá úd. Táim ag súil go mór le bheith páirteach ann.”

Chuir Méara Átha Cliath Theas, an Comhairleoir Baby Pereppadan leis sin, “Tá Cian ar dhuine de scoth sa phobal seo. Is eiseamláir é do cuid mhór saoránach sa chontae agus tá ionadaíocht déanta aige ar Thamhlacht le foireann CLG Bhaile Átha Cliath. Tá an-áthas orainn gur ghlac sé leis an gcuireadh dul i ról an Chinn Feadhna ag Mórshiúl na Féile Pádraig i dTamhlacht a bheidh ann go luath.”

grúpaí pobail áitiúla araon agus an mórshiúl á thabhairt ar ais. Tá an Chomhairle ag obair go dícheallach lena chinntiú go bhfreastalóidh an

t-imeacht ar chách agus os cionn 40 grúpa páirteach san imeacht. Beidh réimse leathan de fhlótaí ildaite, buíonta máirseála, grúpaí damhsa, taibh-ealaíona, grúpaí pobail agus ceol beo ó dhaoine de cheoltóirí aitheanta Thamhlachta páirteach sa mhórshiúl.

Is é Buíon Máirseála Thamhlachta a bheidh ar cheann an mhórshiúil, i bhfianaise a staire saibhre leis an imeacht agus tá réalta CLG Bhaile Átha Cliath Cian Murphy tar éis glacadh le cuireadh a bheith ina Cheann Feadhna ar an mórshiúl.

Cuirfear tús leis na himeachtaí ar 11:30rn, agus beidh ceol beo, péinteáil éadan agus cluichí sráide ann. Ina dhiaidh sin beidh an rás bóthair 5K arna eagrú ag Club Lúthchleasaíochta Thamhlachta ar a 12 meán lae agus cuirfear críoch leis an imeacht agus an mórshiúl ag tosú ar 1.30in.

Ó tharla nach mbeidh mórán spásanna páirceála thart ar cheantar Shráidbhaile Thamhlachta

agus go mbeidh fógra dúnta bóthair i bhfeidhm, molaimid don lucht freastail siúl seachas tiomáint. Iarrtar ar an lucht féachana teacht go luath chun a n-áiteanna féachana a fháil feadh an bhealaigh. Príomhphointe fócais do lucht eagraithe na n-imeachtaí is ea an ionchuimsitheacht freisin, agus limistéar féachana sainithe agus áiseanna ann chun freastal ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar leanaí néara-éagsúla.

Agus Mórshiúl na Féile Pádraig ag teacht ar ais, is léiriú é ar athnuachan ar an dáimh i measc an phobail agus ar athbheochan ar thraidisiúin áitiúla. Agus lá an mhórshiúil ag druidim linn, tá sceitimíní ar an uile dhuine, agus is cinnte gur eispéreas speisialta a bheidh ann ina dtabharfar ómós don am atá thart agus muid ag breathnú ar aghaidh san am céanna ar ré nua bhriomhar do Thamhlacht.

Chun níos mó eolais a fháil faoin mórshiúl, téigh chuig www.sdcc.ie



Grúpaí Pobail, an Garda Síochána agus foireann Pobail CCÁCT ag seoladh an Mhórshiúil le déanaí



Deis Níos Fearr do Chách – Plean Soláthair Seirbhíse Bliantúil 2025

Faomhadh ár bPlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil (ASDP) le haghaidh 2025 i mí Feabhra agus leagtar amach ann ár bpríomhthionscadail, caighdeán seirbhíse agus spriocanna de réir mar a oibrímid i dtreo ár gcuspóra maidir le deis níos fearr a chruthú do chách, lenár bhfís a bhaint amach a bheith mar áit a fhreastalaíonn ar riachtanais agus uailmhianta an uile dhuine i mBaile Átha Cliath Theas.

I measc na bpríomhspriocanna le haghaidh 2025 faoi chuspóirí ár bPlean Chorpáraidigh tá:

Ceannaireacht Aeráide:

- Feabhsú 45.5% a dhéanamh ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh agus 46.8% ar ár gcoigiltis fuinnimh
- 90% de ghníomhartha an Phlean Gníomhaíthe ar son na hAeráide a bheith tosaithe
- 195 heicteár de thalamh móinéir bhithéagsúil a bheith á choinneáil
- 19,000 méadar de bhealaí rothairíochta agus siúil nua/uasghrádaithe
- 1,500 uasghrádú LED ar shoilsiú poiblí
- 480 imeacht feasachta aeráide/comhshaoil
- Úsáid 100,000 buidéal plaisteach a chosc le fuarain uisce óil

Tithíocht ar Ardchaighdeán:

- 772 teach sóisialta nua & 278 teach nua inacmhainne
- 3,000 teach príobháideach faofa le haghaidh pleanála
- Laghdú 20% ar líon na dteaghlach gan dídean
- Sé theach nua a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil
- Tacú le 5,500 tionóntacht ICT agus SCC
- 2,500 suirbhé ar bhail an stoic tithíochta sóisialta
- 60 deontas do thithe folmha
- 83 iarfheistiú tithíochta sóisialta

Geilleagar faoi Bhláth:

- 8,000 post cothaithe i bPáirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí
- 20 gnólacht nuathionscanta in WorkIQ

- €200,000 ar thionscnaimh tacaíochta gnó
- Fás 5–7.5% ar ioncam agus poist trinár Straitéis Turasóireachta
- Ocht bhféile/n-imeacht turasóireachta
- 120+ conradh nua is fiú níos mó ná €25,000 an ceann
- Os cionn 1,400 duine a fhostú agus cúigear printiseach nua a earcú

Áit Níos Fearr:

- 10,000 crann prúnáilte agus 3,500 crann nua curtha
- 7,500 heicteár d'fhéar á choinneáil
- 12 thrasian coisithe nua
- 68km² de chosáin nua/uasghrádaithe
- €5 milliún caite ar fheabhsuithe lárionad sráidbhaile agus ceantair
- Ceithre zón scoile shábháilte nua
- 1,000 iarratas pleanála (80% trí

ríomhphleanáil)

Pobail Nasctha:

- 750,000 cuairteoir ar ionaid fóillíochta
- 120,000 rannpháirtí inár n-imeachtaí spóirt, sláinte agus folláine
- Dhá áis phobail nua
- 16 áis caithimh aimsire nua
- 60 imeacht i Staid Thamhlachta
- 280 deontas spóirt íochta
- 50% de scoileanna páirteach i gComhairle na nÓg

Saibhreas Cultúrtha:

- 50 imeacht tacaíochta comhtháthaithe
- 15 thionscadal faoin gCiste Aitheantais Pobail
- 1 milliún cuairteoir ar ár leabharlanna
- €1.1 milliún caite ar stoc nua leabharlainne
- 400,000 cuairteoir ar Ionaid Ealaíon

Daoine ar dTús:

- 20%+ daoine sa bhreis ag dul i dteagmháil linn ar líne
- 4,000+ rannpháirtí inár

Geilleagar faoi Bhláth: Spás le haghaidh gnólachtai nuathionscanta in WorkIQ



- 300+ iarratas ar Shaoráil Faisnéise agus Rochtain Sonraí
- Plean Gníomhaíochta um Chearta an Duine agus Comhionannas i bhfeidhm
- Inrochtaineacht 100% dár suíomhanna gréasáin
- An Chairt le haghaidh Cuimsiú

- Digiteach a chur chun feidhme
- 350+ cigireacht sláinte agus sábháilteachta ar shuíomhanna oibre

Tuairisciú:

Tuairisceoidimid go míosúil ar ár ndul chun cinn ar na spriocanna sin ag cruinnithe na Comhairle, ar www.sdcc.ie agus ar na meáin shóisialta. Cuirfear nuashonrú ar phríomhéachtaí an phlean chorpáraidigh le haghaidh 2025 i láthair na gcomhaltai tofa ag tús 2026 ansin, agus ina dhiaidh sin beidh tuairisc mhionsonraithe i dTuarascáil Bhlíantúil 2025 uainn nach mór a fhoilsiú faoi mhí an Mheithimh 2026. Tá ár bPlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil ar fáil ar www.sdcc.ie

Fócas ar

Ár bPlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil, 2025



Tithíocht ar Ardchaighdeán: Forbairt Aoisbháil Chúirt Mhic Bhrádaigh

Íomhána na Míosa



Faigheann Tionóntaí Nua eochracha ag Muileann Nangair

Íomhána na Míosa



Siúl agus Caint i bPáirc Ráth Miontáin



Plandáil Mion-Choillearnaí i bPáirc Baile Mhic Craith



Faigheann Áth Cliath Theas Creidiúnú an Mharc Taistil Chliste

Íomhánna na Míosa



Iarimreoir Rugbaí Idirnáisiúnta na hÉireann, Johnny Sexton, ag Cluiche Sraithchomórtais Comhdhála Europa i Staid Thamhlachta le déanaí

Íomhánna na Míosa



Seoladh Sheachtain na Gaeilge i Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh



Feachtas Feasachta maidir le Scúitair Leictreacha seolta i gcomhar leis an nGarda Síochána

Gradaim LAMA



Comhairleoirí agus Baill Foirne Átha Cliath Theas ag Gradaim LAMA a réachtáladh in Óstán Pháirc Bhaile an Róistigh i gCorcaigh.

Gradaim LAMA



Buaiteoirí an Ghradaim Tionchair Náisiúnta le haghaidh Chluain Buiríosa: Fís Chlaochlaitheach agus Samhail d'Fhorbairt Uirbeach Inbhuanaithe



An Leas-Mhéara Alan Hayes agus an Comhairleoir Lynn McCrave ag glacadh le gradam Oibrí Deonach Pobail na Bliana thar ceann Bernie Roche



Buaiteoirí an Ghradaim um Dhíchárbonú Fuinnimh na nUdarás Áitiúil le haghaidh Scéim Téimh Ceantair Heatworks

Tuarascáil Airgeadais

Ráiteas Billeála & Bailiúcháin (arna bhilleáil go dtí an 21 Feabhra 2025)

	(provisional) Arrears @ 31 Dec 2024	Adopted Budget 2025	Billed to 21st February 2025	Rec'ts/Credits to 21st February 2025	Arrears @ 21st February 2025	% of BILLED income achieved
Via Billing Systems						
Commercial Rates	€13,665,414	€153,170,200	€154,439,586	€16,350,812	€151,754,188	11%
Entry Year Property Levy (PEL)	€103,598	n/a	€0	€0	€103,598	0%
Housing Rents	€7,910,111	€36,293,800	€5,309,763	€5,051,844	€8,168,030	95%
Housing RAS Rents	€1,267,971	€2,246,400	€316,517	€286,795	€1,297,693	91%
						% of Budget Income Achieved
Via Cash Systems						
NPPR Charge	n/a	€20,000	n/a	€0	€0	0%
Planning Fees	n/a	€972,000	n/a	€60,544	€0	6%
Fire Certificates	n/a	€1,000,000	n/a	€86,011	€0	9%
Parking Fees	n/a	€820,000	n/a	€35,726	€0	4%
Uisce Eireann	€0	€6,937,500	€0	€0	€0	0%
	€22,947,094	€201,459,900	€160,065,866	€21,871,733	€161,323,508	

Rates Aged Debt			PEL Aged Debt		
Year	Bal O/S	%	Year	Bal O/S	%
2025	138,879,359	92%	2025	€0	0%
2024	5,623,187	4%	2024	€0	0%
2023	2,635,087	2%	2023	€7,738	7%
2022	1,015,714	1%	2022	€86,467	83%
2021	770,267	1%	2021	€1,864	2%
2020	95,232	0%	2020	€2,637	3%
2019	887,702	1%	2019	€579	1%
Pre 2019	1,847,639	1%	Pre 2019	€4,313	4%
Totals	€151,754,188	100%	Totals	€103,598	100%

Rents Aged Debt			
Category	Numbers	Amounts	% of Accounts
Accounts not in Arrears	5818	2,692,015	56%
0-6 weeks	2029	379,612	19%
7-12 weeks	497	363,337	5%
13-18 weeks	267	352,387	3%
19-24 weeks	226	361,176	2%
25-52 weeks	605	1,760,582	6%
1 - 2 years	513	2,711,125	5%
Greater than 2 years	514	4,931,824	5%
Totals	10,469	€8,168,030	100%

Lean muid ar Na meáin shóisialta



Comhairle Contae Átha Cliath Theas



@sdublincoco



Southdublincoco



Comhairle Contae Átha Cliath Theas



@sdublincoco

Suíomh gréasáin
www.sdcc.ie